# *V. CSS: Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha*

**Nóta: Ba cheart an cháipéis seo a leanas a léamh in éineacht leis an Foirm Iarratais agus Treoir d'Iarratasóirí don Ciste um Struchtúir Stairiúla (CSS) 2027.**

Is é príomhchuspóir CSS ná cúnamh airgeadais a sholáthar d'úinéirí atá ag tabhairt faoi obair chaomhnaithe chuí ar a réadmhaoin stairiúil ar struchtúir faoi chosaint iad agus/nó atá suite i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta / Limistéir faoi Rialú Pleanála Speisialta. Tacaíonn an scéim seo le prionsabail bhunúsacha an chleachtais caomhnaithe atá dírithe ar dheisiúchán ar chreatlach stairiúil, ábhair thraidisiúnta a úsáid agus eilimintí nua a thabhairt isteach go tuisceanach le nach mbainfí tábhacht agus feidhmiúlacht den fhoirgneamh.

D'fhonn cabhrú le húinéirí agus áititheoirí, tá 'Sraith Chomhairle'[1] ag an tSeirbhís Oidhreachta Tógtha Náisiúnta ar roinnt topaicí ábhartha a bhaineann le caomhantas na bhfoirgneamh stairiúil, lena n-áirítear; cothabháil, díonta, fuinneoga, tuí, obair iarainn, brící agus éifeachtúlacht fuinnimh. Tá siad ar fad ar fáil ar líne le féachaint orthu leis an nasc seo a leanas: Https://www.buildingsofireland.ie/resources/. Moltar go mór go bhféachann úinéirí, áititheoirí agus gníomhairí ar an acmhainn sin sula n-ullmhaítear an t-iarratas ar an deontas.

Féadfaidh Údaráis Áitiúla níos mó faisnéise ar iarratas deontais a iarraidh, más mian leo é, mar chuid den phróiseas measúnachta. Féadfaidh siad, nuair a éilítear sin de bharr cúinsí, réamhchoinníoll(acha) a chur ar iarratais deontais arna nglacadh chun faisnéis níos mionsonraithe nó painéil shamplacha a iarraidh d'fhonn ceadú Údaráis Áitiúil sula dtosaítear oibreacha.

## Oibreacha Cáilitheacha:

| | | Struchtúir TSC | Struchtúir LCA |
|---|---|---|---|
| **Cobhsaíocht struchtúrach** | **Oibreacha atá ríthábhachtach chun struchtúr nó cuid de struchtúr a chobhsú**<br><br>Níor cheart ach an méid is lú agus is féidir den chreatlach stairiúil a bhaint nó a bhaint dá chéile mar chuid de na hoibreacha agus ba cheart tograí chun creatlach a aischur a áireamh<br><br>Córais speisialaithe a shuiteáil chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht struchtúrach | **Tá** | **Tá** |
| **Díonta** | **Deisiú (nó athnuachan) struchtúr dín, clúdach agus gnéithe**<br>Oibreacha lena gcinntítear cobhsaíocht struchtúrach agus/nó aimsirdhíonacht dín, ag baint úsáid as ábhair chuí agus mionsonrú; ba cheart tús áite a thabhairt do shlinnte reatha agus ábhair eile ón struchtúr a athúsáid agus a tharrtháil. Tá tuilleadh faisnéise sa **tSraith Chomhairle** | **Tá** | **Tá** |

[1] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***Treoir maidir le Díonta Stairiúla a Dheisiú,*** atá ar fáil anseo[2] le haghaidh comhairliúcháin.<br><br>Ba cheart go mbainfeadh deisiúcháin ar dhíonta tuí úsáid as ábhair agus as ghnéithe maisiúla traidisiúnta cuí i gcomhréir leis an tSraith Comhairle *Tuí – Treoir maidir le Díonta Tuí a Dheisiú*, available here.[3] Is fearr i gcónaí úsáid a bhaint as ábhair agus as mhodhanna a oireann don réigiún agus as fhianaise ón bhfoirgneamh féin<br><br>Ba cheart aire speisialta a thabhairt do mhionsonraí sna hoibreacha a ndearnadh díobháil dóibh nó atá ar lár, m.sh brat miotail, líneálacha gáitéir agus fleascadh (atá déanta de luaidhe, copar nó sinc). Sa chás go bhfuil an baol ann go ngoidfear miotalóireacht ó dhíon, b'fhéidir go measfaí go mbeidh úsáid ábhar oiriúnach ionadaithe mar réiteach eatramhach inghlactha. Faoi roinnt cúinsí, b'fhéidir gur gá an fhoshraith a athdhearadh agus aird ar an mbrat chun deachleachtas a chomhlíonadh, is gá machnamh cúramach a dhéanamh ar na himpleachtaí amhairc agus fisiciúla, áfach, sula ndéantar athruithe.<br><br>Ba cheart gnéithe dín ar nós fuinneoga dormánta, fuinneoga dín, stoic shimléir agus potaí simléir, cúpólaí, balastráidí, etc. a chaomhnú agus a dheisiú i gceart<br><br>Modh chun rochtain bhuan a sholáthar le go n-éascófar iniúchtaí agus cothabháil dín. | | |
| **Fáil réidh le huisce báistí** | **Earraí uisce báistí a dheisiú nó a athchur**<br>Ba cheart earraí luaidhe agus iarainn theilgthe uisce báistí a dheisiú nó, sa chás nach féidir seo a dhéanamh, a athchur le haghaidh a mhacasamhail d'earra lena chinntiú go bhfaightear réidh go héifeachtúil le huisce báistí ón bhfoirgneamh. Sa chás go bhfuil baol ann go ngoidfí rudaí nó go ndéanfar loitiméireacht, b'fhéidir go measfar go mbeidh úsáid ábhar oiriúnach ionadaithe mar réiteach eatramhach inghlactha<br><br>Ba cheart forsceitheadh agus coraí a threoraíonn uisce go dtí córais diúscartha uisce báistí a sholáthar d'fhonn, i gcás blocála, faightear réidh le huisce glan amach ón struchtúr<br><br>Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa tSraith Chomhairle ***Treoir maidir le Díonta Stairiúla a Dheisiú; Cothabháil – Treoir don Chúram d'Fhoirgnimh Níos Sine;*** agus ***Iarann – Iarann Buailte agus Teilgthe a Dheisiú***, ar fáil anseo[4] le haghaidh comhairliúcháin. | **Tá** | **Tá** |

[2] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/
[3] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/
[4] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/

| | | | |
|---|---|---|---|
| Baile seachtracha | **Oibreacha chun ballaí seachtracha a dheisiú**<br>Oibreacha chun ballaí a dheisiú, athphointeáil ina measc; dromchlaí agus gnéithe maisiúla, clúdaigh nó cumhdaigh bhalla a dheisiú; oibreacha chun lochtanna nó fadhbanna a réiteach a d'fhéadfadh díobháil thromchúiseach a dhéanamh amach anseo mura réitítear iad, ar nós socrú bunsraithe, titim shimléir, ionsaí fungasach ar adhmad, nó aistriú salainn laistigh den chreatlach.<br><br>Oibreacha chun déileáil le saincheisteanna taise, ar nós aerú a sholáthar, agus draenacha spallaí a sholáthar (faoi réir riachtanais Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta i gcás láithreáin atá íogair i dtaobh na seandálaíochta de)<br><br>Oibreacha chun gnéithe atá suite i mballaí, ar nós saothar iarainn nó daingneáin<br><br>Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa tSraith Chomhairle, ***Cothabháil – Treoir don Chúram d'Fhoirgnimh Níos Sine;*** agus ***Brící – Treoir maidir le hObair Bhrící Stairiúil a Dheisiú***, ar fáil anseo[5] le haghaidh comhairliúcháin. | **Tá** | **Tá** |
| Siúinéireacht sheachtrach | **Deisiúcháin ar shiúinéireacht sheachtrach**<br>Oibreacha chun cosc a chur ar iontráil uisce<br><br>Deisiúcháin ar ghnéithe suntasacha den tsiúinéireacht sheachtrach, ar nós fuinneoga, doirse agus gnéithe gaolmhara,<br>agus a laghad adhmaid mheathlaithe a athchur agus is féidir agus stráicí nua a roghnú go cuí agus na gnéithe maisiúla cuí a bheith orthu. Ba cheart tús áite a thabhairt do tharrthálas agus do ghloine stairiúil a athúsáid<br><br>B'fhéidir go gcáileoidh oibreacha chun fuinneoga agus doirse a dhéanamh díonmhar ar shéideáin. Ba cheart oibreacha a dhéanamh i gcomhréir leis an treoir in ***Éifeachtúlacht Fuinnimh a Fheabhsú i bhFoirgnimh Thraidisiúnta'*** (RTRAO, 2023).<br><br>Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa tSraith Chomhairle ***Treoir maidir le Fuinneoga Stairiúla a Dheisiú; Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh Stairiúla;*** agus ***Cothabháil – Treoir don Chúram d'Fhoirgnimh Níos Sine*** ar fáil anseo[6] le haghaidh tuilleadh comhairliúchán. | **Tá** | **Tá** |
| Gloine dhaite | **Deisiúcháin ar fhuinneoga daite**<br><br>Ba cheart tabhairt faoi phainéil gloine daite agus daingneáin ghaolmhara a dheisiú, agus gardaí sreinge a shuiteáil, i gcomhréir le Caibidil 6 de ***Ionaid Adhartha a Chaomhnú*** | **Tá** | **Tá** |

[5] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/
[6] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (Sraith Chomhairle, 2011) ar fáil anseo[7] le haghaidh comhairliúcháin. | | |
| Daingneáin sheachtracha | **Daingneáin sheachtracha a dheisiú agus a chaomhnú**<br><br>Is féidir mar shampla, síothla, dealbha, balcóiní, ceannbhrait, crainn bhrataí, eití gaoithe agus cloig ghréine a dteastaíonn caomhnú uathu go práinneach a áireamh le daingneáin cháilitheacha<br><br>Tabhair faoi deara gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí do dheisiúcháin phráinneacha, seachas daingneáin a chaomhnú. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhaingneáin atá ceangailte leis an taobh amuigh i gcomparáid leo siúd atá cosanta ón aimsir<br><br>Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa tSraith Chomhairle, ***Cothabháil – Treoir don Chúram d'Fhoirgnimh Níos Sine***, ar fáil anseo[8] le haghaidh comhairliúcháin. | **Tá** | **Tá** |
| Taobh Istigh | **An struchtúr agus na gnéithe inmheánacha a dheisiú agus a chaomhnú**<br><br>Áirítear leis sin deisiúcháin ar ghnéithe den struchtúr inmheánach, ar nós urlár, ballaí, staighrí, landairí agus orgáin eaglaise (féach chomh maith 'Oibreacha Neamhcháilitheacha' thíos).<br><br>Oibreacha chun gnéithe suntasacha maisiúla stairiúla a chaomhnú, ar nós obair phlástair, siúinéireacht inmheánach agus daingneáin agus gnéithe maisiúla, faoi mar is cuí.<br><br>Oibreacha chun gnéithe suntasacha dúchasacha a chaomhnú, lena n-áirítear, síleálacha agus teallaigh.<br><br>Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa tSraith Chomhairle, ***Cothabháil – Treoir don Chúram d'Fhoirgnimh Níos Sine***, ar fáil anseo[9] le haghaidh comhairliúcháin. | **Tá** | **Níl** |
| Aghaidheanna Siopa Stairiúla | **Deisiúchán agus caomhantas ar aghaidheanna siopa stairiúla**<br>Oibreacha chun eilimintí d'éadan siopa stairiúil i struchtúr faoi chosaint nó laistigh de LCA a dheisiú, lena n-áirítear athsholáthar cuí a dhéanamh ar eilimintí beaga a bhfuil mionsonraí ar iarraidh iontu amhail lúibíní nó múnlaí.<br><br>Comhlaí nó scáthbhrait stairiúla a dheisiú ach ní scáileáin slándála nua a shuiteáil. | **Tá** | **Tá** |

[7] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/
[8] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/
[9] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Deisiú sonraí amhail comharthaíocht tráchtála stairiúil, geataí, painéil tairsí tílithe nó mósáice, comharthaí crochta; baint breiseanna gránna agus iomarcacha níos déanaí amhail cáblaí, soilsiú agus comharthaíocht agus deisiú a dhéanamh ina dhiaidh sin. | | |
| **Innealra** | **Innealra a dheisiú ar chuid lárnach de struchtúr é**<br><br>Féadtar páirteanna gluaisteacha foirgneamh lena mbaineann oidhreacht thionsclaíoch nó atá ina ndíol spéise eolaíochta, nó innealra ar nós innealra stáitse le haghaidh amharclannastairiúla nó suiteáin seirbhíse ar nós ardaitheoirí luatha nó stairiúla, meicníochtaí pluiméireachta agus córais téimh a áireamh le hinnealra a cháilíonn<br><br>Ar na samplaí don innealra lena n-áirítear, tá, rothaí uisce, clocha muilinn, criathair, áith triomaithe, ardaitheoirí srl<br><br>Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa tSraith Chomhairle ***Cothabháil – Treoir don Chúram d'Fhoirgnimh Níos Sine;*** agus ***Iarann – Iarann Buailte agus Teilgthe a Dheisiú***, atá ar fáil anseo[10] le haghaidh comhairliúcháin. | **Tá** | **Níl (mura gcuirtear le feabhsú an phríomh-ingearchló chun sráide nó nuair atá na hingearchlónna sin feiceálach in áiteanna poiblí laistigh den LCA.** |
| **Feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh** | **Oibreacha chun feidhmíocht theirmeach agus éifeachtúlacht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú i gcomhréir leis an treoraíocht in *Éifeachtúlacht Fuinnimh a Fheabhsú i bhFoirgnimh Thraidisiúnta* (RTRÁO, 2023)**<br><br>Chun cáiliú ní mór na hoibreacha a mhionsonrú go cuí, ag baint úsáide as ábhair atá oiriúnach le húsáid i bhfoirgneamh stairiúil, agus a bheith sonraithe ag gairmí caomhantais cáilithe. Caithfidh an foirgneamh a bheith i ndea-chóir agus coinnithe go maith. D'fhéadfadh go n-áireofaí na nithe seo a leanas in oibreacha cáilithe éifeachtúlachta fuinnimh:<br><br>○ Fuinneog, doirse agus oscailtí eile a dhíonadh ó shíntiús<br>○ Insliú áiléir/léargais ar dhíonta claonta<br>○ Athsholáthar seirbhísí atá as dáta le haonaid<br>○ Ardéifeachtúlachta agus rialuithe nuashonraithe<br>○ Deisiúchán agus uasghrádú ar chomhlaí fuinneoige stairiúla<br>○ Gloiniú tánaisteach atá sonraithe go cuí a shuiteáil<br>○ Insliú na n-urlár adhmaid ar crochadh<br><br>Le haghaidh faisnéise níos mionsonraithe ar oibreacha cuí ar éifeachtacht fuinnimh i struchtúir stairiúla, féach ar na foilseacháin seo a leanas, le do thoill;<br><br>1. Sraith Chomhairle ***Treoir maidir le Fuinneoga Stairiúla a Dheisiú; Éifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh Thraidisiúnta***[11]. | **Tá** | **Níl** |

[10] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/
[11] Https://www.buildingsofireland.ie/resources/

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 2. Éifeachtúlacht Fuinnimh a Fheabhsú i bhFoirgnimh Thraidisiúnta. Treoir do Shonraitheoirí agus Suiteálaithe.[12] | | |
| **Seirbhísí** | **Oibreacha ar sheirbhísí feidhmiúla** mar shampla leictreachas, gás, teas agus draenáil ach amháin sa chás go bhfuil siad suaite go riachtanach le linn deisiúcháin mhaoinithe eile | **Tá** | **Níl** |
| **Limistéir Chaomhantais Ailtireachta** | **Oibreacha ar struchtúir a chuireann le carachtar LCA** Oibreacha deisiúcháin ar an taobh amuigh d'fhoirgneamh stairiúil atá laistigh de LCA nó deisiú ar na príomhghnéithe struchtúracha.<br><br>Gnéithe ailtireachta a chur ar ais nuair a shonraítear agus sainítear go cuí iad amhail saisfhuinneoga, aghaidheanna siopa, ráillí nó rudaí eile den sórt sin. Níor cheart na gnéithe sin a chur ar ais ach amháin nuair is gá leo ar mhaithe le dearadh nó carachtar an fhoirgnimh nó na sráide stairiúla. Níor chóir go mbeidh oibreacha atógála tuairimí san áireamh.<br><br>Oibreacha feabhsaithe sráide ar nós scéimeanna deisithe agus/nó athmhaisithe d'fhoirgnimh iomadúla nuair is é sin cuspóir an údaráis pleanála. | **Tá** | **Tá** |
| **Oibreacha sealadacha** | **Oibreacha chun an riosca do struchtúr a laghdú ó** thitim nó titim pháirteach, damáiste aimsire, tine, loitiméireacht agus rochtain neamhúdaraithe. Ba cheart go gcinnteodh oibreacha den sórt sin aeráil imleor an struchtúir agus go gcosnófar gnéithe suntasacha an fhoirgnimh ó chontúirt | **Tá** | **Tá** |
| **Oibreacha eile** | Féadfaidh an t-iarratasóir agus/nó an tÚdarás Áitiúil cás a dhéanamh le haghaidh oibreacha eile nach bhfuil liostaithe thuas a mheasann siad a bheith fíorthábhachtach. Ní mór formheas scríofa ón Roinn a fháil le go gcinntítear go gcloífear leis an gcleachtas caomhnaithe is fearr. | **Tá** | **Tá** |
| **Táillí gairmiúla** | Áirítear ar na **táillí gairmiúla** a thabhaítear don chuid de na hoibreacha caipitiúla a mhaoinítear suirbhéanna agus ráitis mhodha a thaispeánann modhanna agus seicheamh na n-oibreacha, maoirseacht agus faireachán ar an láthair, costais taistil agus chothaithe réasúnta agus síniú an tionscadail<br><br>D'áireofaí ailtire, comhairleoir caomhantais, innealtóir struchtúrach, seandálaí, éiceolaí etc. le táillí proifisiúnta. | **Tá** | **Tá** |

[12] Éifeachtúlacht-Fuinnimh-a-Fheabhsú-i-bhFoirgnimh-Thraidisiúnta-2024.pdf (buildingsofireland.ie)

# Oibreacha Neamhcháilitheacha

| | |
|---|---|
| Gnáthamh cothabhála | **Gnáthamh cothabhála agus miondeisiúcháin** |
| Athruithe | **Athruithe agus feabhsúcháin**<br><br>Ní cháilíonn na hoibreacha nua go léir ar struchtúr, mar shampla, an struchtúr a dhéanamh díonach ar shéideáin, athchóiriú lochta agus sínte a shuiteáil nó a athnuachan, seachas oibreacha feabhsúcháin um éifeachtúlacht fuinnimh a bhfuil cur síos orthu thuas.<br><br>**Oibreacha ar aghaidheanna siopa** nach bhfuil stairiúil nó atá lasmuigh de raon feidhme oibreacha caomhnaithe, mar shampla soilse nua, scáileáin slándála, aláraim, ceamaraí, cáblaí etc. a shuiteáil.<br><br>Oibreacha a bhaineann le comharthaíocht trádála nua agus féiniúlacht chorparáideach. |
| Scartáil | **Scartáil**<br><br>Ní cháilíonn oibreacha chun aon chuid nó aon ghné de struchtúr faoi chosaint a scartáil nó a bhaint, seachas nuair is gá rudaí a bhaint anuas go cúramach mar chuid den tionscadal sula n-aischuirtear iad nó nuair is gá obair a dhéantar níos déanaí a bhaint a athraíonn nó a dhéanann bundearadh an fhoirgnimh a cheilt |
| Athchóiriú | **Athchóiriú agus Atógáil Thuairimeach**<br><br>Oibreacha d'atógáil thuairimeach sa chás nach ann d'fhianaise dhaingean fhisiciúil nó cháipéisíochta i leith staid an struchtúir nó na gné ní ba luaithe |
| Neamh-bhun-tábhachtact | **Oibreacha neamh-bhuntábhachtacha**<br><br>Oibreacha nach bhfuil buntábhachtach i leith chaomhnú slán an Struchtúir |
| Ar bun cheana féin | **Oibreacha ar bun cheana féin**<br><br>Oibreacha ar cuireadh tús leo sula bhfuarthas fógra gur faomhadh an cistiú faoin scéim nó sa chás gur cuireadh tús le hoibreacha sular thug an t-údarás áitiúil faoi chigireacht ar an bhfoirgneamh dá mbeartaítear na hoibreacha |

| | |
|---|---|
| Breoslaí Iontaise | **Breoslaí Iontaise**<br><br>Is í an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (AE/2024/1275) (TFFF) príomhionstraim reachtach an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar fheabhsú feidhmíochta fuinnimh foirgneamh laistigh den Aontas Eorpach. Luaitear in Airteagal 17(15): 'Ón 1 Eanáir 2025, ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasacht airgeadais chun coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise a shuiteáil.' Mar thoradh air sin, **ón 1 Eanáir 2025, ní cheadófar cúnamh deontais a sholáthar do shuiteáil coirí neamhspleácha atá cumhachtaithe ag breoslaí iontaise faoi CSS ná faoi SIOT**. |
| Oibreacha Leanúnach CSS | **Oibreacha Leanúnacha Chiste na Struchtúr Stairiúil**<br><br>Ní fhéadfaidh struchtúir ina bhfuil oibreacha leanúnacha maoinithe faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil leas a bhaint as tuilleadh maoinithe ó Chiste na Struchtúr Stairiúil go dtí go mbeidh na hoibreacha sin críochnaithe, i.e. ceadaítear deontais chomhleanúnacha ach ní cheadaítear deontais chomhreathacha. |
| Ballaí Seachtracha | **Ballaí seachtracha agus struchtúr a dhéanamh díonach ar shéideáin**<br><br>Fágtar rindreáil a bhaint ón taobh amuigh a rinneadh a rindreáil roimhe seo agus athphointeáil ghaolmhar as an áireamh, seachas nuair is ionann iad seo agus idirghabháil mhíchuí a rinneadh ní ba dhéanaí a bhfuil díobháil á déanamh acu don chreatlach stairiúil<br><br>Plástair thancála nó uiscedhíonacha a chur suas chun dul i ngleic le fadhbanna taise<br><br>Oibreacha chun cúrsa taisdíonach a shuiteáil, cé acu más cúrsa fisiciúil nó ceimiceach é |

## Oibreacha neamhcháilitheacha (ar leanúint):

| | |
|---|---|
| Siúinéireacht sheachtrach | **Siúinéireacht sheachtrach**<br>Aonaid dhéghloinithe a shuiteáil, lena n-áirítear aonaid chaola dhéghloinithe agus aonaid fholús-séalaithe, i saiseanna nó comhlaí reatha nó nua<br><br>Gloiniú stoirme a shuiteáil.<br><br>Gloiní stairiúla a athchur le gloiní atá tíosach ar fhuinneamh. |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh | **Éifeachtúlacht Fuinnimh**<br>Micrea-athnuaiteáin a shuiteáil, ar nós painéil fhótavoltacha nó tuirbíní gaoithe<br><br>Ní cháileoidh insliú balla seachtrach nó inmheánach a chur |
| Réimse poiblí | **Oibreacha Réimse Phoiblí (LCAnna)**<br>I gcás LCAnna, fágfar oibreacha réimse phoiblí ar lár seachas nuair is gnéithe stairiúla le caomhnú agus le deisiú iad amhail pábháil, clocha colbha, troscán sráide agus gnéithe den sórt sin. |